C/2024/5658

23.9.2024

OLAF-TUARASCAIL BHLIANTÚIL 2023

(C/2024/5658)

Comhaltaí an Choiste

Teresa ANJINHO Uasal
Cathaoirleach Choiste Maoirseachta OLAF
Comhalta den Choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Iar-Leas-Ombudsman agus Saineolaí Neamhspleách ar Chearta an Duine, an Phortaingéil.

Dušan STERLE Uasal
Comhalta den Choiste ó bhí an 28 Márta 2022 ann

Iar-Stiúrthóir Oifig Maoirseachta Buiséid Phoblacht na Slóivéine, an Aireacht Airgeadais, an tSlóivéin.

Marita SALGRĀVE Uasal
Comhalta den Choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Iar-Chomhalta den Chomhairle agus Iar-Stiúrthóir Iniúchóireachta, an tUasfhoras Iniúchóireachta, an Laitvia.

Iar-Stiúrthóir Feidhmiúcháin na Gníomhaireachta Lárnaí Airgeadais agus Conraitheoireachta (Comhlacht Idirmheánach CSIE), an Aireacht Airgeadais, an Laitvia.

Angelo Maria QUAGLINI Uasal
Comhalta den Choiste ó bhí an 23 Meán Fómhair 2022 ann

Breitheamh ag an gCúirt Iniúchóirí, an Iodáil.

Thierry CRETIN Uasal
Comhalta den Choiste ó bhí an 9 Meán Fómhair 2022 ann

Iar-chomhalta Francach de na breithiúna (breitheamh imscrúdaithe, leas-ionchúisitheoir poiblí, príomh-ionchúisitheoir). Iar-stiúrthóir na hArd-Stiúrthóireachta um Cheartas agus Tomhaltóirí agus na hArd-Stiúrthóireachta um Imirce agus Gnóthaí Baile araon sa Choimisiún Eorpach.

Brollach

I ndiaidh tréimhse athchoigeartaithe tar éis athnuachan iomlán an Choiste Maoirseachta in 2022, chuir an Coiste tús le dianmhachnamh in 2023 ar a mhodhanna oibre agus ar a phlean oibre, ar a thosaíochtaí agus ar na príomhdhúshláin ar gá aghaidh a thabhairt orthu le linn a shainordaithe. Ba í an bhliain freisin í ar chuir an Coiste tús le hobair leanúnach ar Threoirlínte athbhreithnithe OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe chomh maith le cur i gcrích tábhachtach na chéad anailíse ar na himscrúduithe comhlántacha a rinne OLAF ó bunaíodh Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE).

Tar éis roinnt malartuithe tuairimí idir an Coiste agus OLAF, a rinneadh ar bhealach cuiditheach i gcónaí, i mí na Samhna 2023, faoi Airteagal 17(8) de Rialachán OLAF, d'iarr Ard-Stiúrthóir OLAF go foirmiúil ar an gCoiste a bharúlacha a thabhairt i dtaobh na dTreoirlínte nua maidir leis na Nósanna Imeachta Imscrúdaithe a bhfuil sé beartaithe ag OLAF iad a ghlacadh in 2024. Dar leis an gCoiste, is cúram an-tábhachtach do OLAF é athbhreithniú a dhéanamh ar na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe ós rud é gur cheart treoirlínte cothrom le dáta, mionsonraithe, soiléire agus cuimsitheacha a ghlacadh mar thoradh air. Ba cheart a chur san áireamh sna treoirlínte sin na forbairtí uile a tharla ó glacadh na Treoirlínte reatha maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe, an iliomad moltaí a d'eisigh an Coiste le blianta beaga anuas agus an comhar le OIPE laistigh d'ollstruchtúr frithchalaoise níos leithne an Aontais.

Ag an am céanna, chun tuiscint níos fearr a fháil ar chomhar athraitheach OLAF le OIPE, i mí Iúil 2023, d'iarr an Coiste ar Ard-Stiúrthóir OLAF liosta de na himscrúduithe comhlántacha uile a d'oscail OLAF ó thús ghníomhaíochtaí OIPE a sholáthar dó. Ar bhonn liosta de 70 imscrúdú chomhlántacha a rinne OLAF ó bhí mí an Mheithimh 2021 ann, nuair a thosaigh OIPE ag oibriú, ghlac an Coiste a dhréacht-tuairim i mí na Nollag 2023 maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF. Glacadh an tuairim go foirmiúil ansin i mí Feabhra 2024. Leis an tuairim sin, rinne an Coiste an chéad mhionanailís ar bhreis agus 40 imscrúdú chomhlántacha a chuir OLAF i gcrích. Ina chonclúidí, mhol an Coiste OIPE agus OLAF araon as na hiarrachtaí dícheallacha a rinne siad chun go mbeadh rath ar an sásra nua sin sa chomhrac in aghaidh na calaoise. Léirigh an anailís ar na cásanna sin gealltanas agus dearcadh gairmiúil an dá pháirtí. D'eisigh an Coiste dhá mholadh do OLAF chun trédhearcacht agus dea-chleachtais riaracháin a neartú sa chaoi a ndéantar comhar agus malartuithe le OIPE.

Ós rud é gur dóigh go dtiocfaidh tuilleadh forbartha ar choincheap na n-imscrúduithe comhlántacha, ina léireofar an taithí leanúnach atá á fáil ag OLAF sa réimse seo, chinn an Coiste leanúint d'fhaireachán a dhéanamh ar imscrúduithe comhlántacha OLAF ar bhonn bliantúil. Is é an aidhm atá leis sin léargas breise a thabhairt do reachtóir an Aontais agus do pháirtithe leasmhara ar an gcaoi a ndéantar imscrúduithe comhlántacha agus ar a ról mar uirlis thábhachtach sa chomhar idir an dá phríomhcholún d'ollstruchtúr frithchalaoise an Aontais. Beidh na léargais sin luachmhar don athbhreithniú a dhéanfar go luath ar Rialachán OIPE agus ar Rialachán OLAF araon.

I mí na Bealtaine 2023, ghlac an Coiste Tuairim 1/2023 maidir le réamhbhuiséad OLAF do 2024. Ba eol don Choiste gur ullmhaíodh an buiséad i gcomhthéacs chreat airgeadais ilbhliantúil reatha 2021-2027 agus ghrinnscrúdú dian leanúnach an Choimisiúin ar an gcaiteachas riaracháin uile. Tar éis anailís chríochnúil a dhéanamh agus malartú tuairimí le OLAF, rinne an Coiste an méid seo a leanas: (i) mheabhraigh an ríthábhacht atá le hacmhainní daonna leordhóthanacha a bheith ann do OLAF chun ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil ar bun; (ii) mheas go raibh an réamhbhuiséad i gcomhréir leis na riachtanais a tuairiscíodh; agus (iii) chuir a thacaíocht iomlán in iúl maidir leis an iarraidh ó OLAF ar phoist bhreise. Go háirithe, cuireadh san áireamh sa tacaíocht sin na cúraimí straitéiseacha nua a sannadh do OLAF, amhail imscrúduithe agus tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an comhar oibríochtúil le OIPE, láimhseáil gearán a cuireadh faoi bhráid Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta, agus an rannpháirtíocht a mheastar a bheidh ag OLAF sna hiarrachtaí atógála fadtéarmacha chun an Úcráin a atógáil.

In 2023, is fiú freisin an teagmháil agus na cruinnithe tráthrialta a reáchtáil an Coiste le hinstitiúidí den Aontas Eorpach agus le comhpháirtithe OLAF agus páirtithe leasmhara a lua. Ní hamháin gur rannchuidigh sé sin le hinfheictheacht an Choiste a mhéadú ach chuidigh sé freisin, ar bhealach comhoibríoch, leis an sreabhadh faisnéise a mhéadú agus le haiseolas níos fearr a fháil ar fheidhmíocht OLAF.

Ar deireadh, thar ceann na gcomhaltaí, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le hArd-Stiúrthóir OLAF as na malartuithe oscailte macánta leis an gCoiste. Aithním freisin an tacaíocht luachmhar a thug comhaltaí na Rúnaíochta, ag gníomhú faoi bhainistíocht Cheann na Rúnaíochta, don Choiste in ainneoin na staide tromchúisí maidir le ganntanas foirne ina raibh an Rúnaíocht in 2023. I ndáil leis sin, aithníonn an Coiste iarrachtaí Ard-Rúnaí an Choimisiúin chun a áirithiú go mbeidh na hacmhainní daonna is gá ag an Rúnaíocht chun tacú leis an gCoiste agus le Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta araon.

Teresa ANJINHO

Cathaoirleach Choiste Maoirseachta OLAF

Clár Ábhar

Leathanach

Brollach 2

1. An Coiste i mbeagán focal 5

2. Gníomhaíochtaí faireacháin an Choiste Maoirseachta 6

2.1 *Faireachán a dhéanamh ar bhuiséad agus ar acmhainní OLAF: Tuairim 1/2023 maidir le réamhdhréacht-bhuiséad OLAF do 2024* 6

2.2 *Dréacht-tuairim maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF agus OIPE* 6

2.3 *Faireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF* 7

2.3.1 *Tuarascálacha a fuair an Coiste in 2023 ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos mó ná 12 mhí* 8

2.4 *Faireachán coiste ar ghearáin aonair a cuireadh faoi bhráid OLAF* 9

2.5 *Athbhreithniú ar threoirlínte OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe* 10

3. Comhar 11

3.1 *Comhar le OLAF* 11

3.2 *Caidreamh le páirtithe leasmhara* 11

4. Riarachán agus acmhainní 12

4.1 *Modhanna oibre an Choiste Maoirseachta* 12

4.2 *An Rúnaíocht* 12

4.3 *Ábhair bhuiséid* 12

1. **An Coiste i mbeagán focal**

1. Is éard atá i gCoiste Maoirseachta na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (OLAF) ('an Coiste') comhlacht neamhspleách a bunaíodh le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1]) ('Rialachán OLAF') chun neamhspleáchas OLAF a threisiú agus a ráthú trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar an tslí a bhíonn feidhm imscrúdaitheach OLAF á cur chun feidhme.

2. Is éard atá sa Choiste cúigear saineolaithe seachtracha neamhspleácha ('na comhaltaí') arna gceapadh ag Parlaimint na hEorpa, ag an gComhairle agus ag an gCoimisiún Eorpach trí chomhaontú ar feadh 5 bliana ([2]). Comhlíonann na comhaltaí a ról le neamhspleáchas iomlán agus ní fhéadfaidh siad treoracha a iarraidh ná glacadh le treoracha ó aon rialtas ná ó aon fhoras, comhlacht, oifig ná gníomhaireacht de chuid an Aontais. Faigheann an Coiste tacaíocht ina chuid oibre ó Rúnaíocht, ag obair di ar bhonn buan faoi údarás díreach an Choiste agus go neamhspleách ar an gCoimisiún, ar OLAF agus ar aon chomhlacht eile. Tá príomhról ag an Rúnaíocht i gcúraimí faireacháin an Choiste a éascú agus rannchuidiú leis na cúraimí sin a chomhlíonadh.

3. Mar gheall ar chineál imscrúduithe OLAF, ní féidir dul i muinín chúirteanna an Aontais in aghaidh aon chinnidh a dhéanfaidh Ard-Stiúrthóir OLAF chun imscrúdú a oscailt nó a dhúnadh ([3]). Ciallaíonn sé sin, in éineacht le Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta (a láimhseálann gearáin in aghaidh OLAF maidir le neamhchomhlíonadh ráthaíochtaí nós imeachta agus na rialacha is infheidhme maidir le himscrúduithe ([4])), go bhfuil ról ríthábhachtach ag an gCoiste mar chomhlacht neamhspleách a gcuirtear de chúram air maoirseacht agus grinnscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a ndéanann OLAF a imscrúduithe. Dá bhrí sin, tá seasamh faoi phribhléid ag an gCoiste, toisc go soláthraíonn sé léargas d'institiúidí den Aontas Eorpach ar fheidhmiú OLAF ar bhonn a róil faireacháin, agus toisc go soláthraíonn sé dearbhú go bhfuil OLAF ag gníomhú de réir theorainneacha na dlíthiúlachta agus i gcomhréir leis na ráthaíochtaí nós imeachta is infheidhme.

4. Faoi Rialachán OLAF, cuirtear ról tripháirteach de chúram ar an gCoiste, is é sin: (i) faireachán tráthrialta a dhéanamh ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF (ii) cúnamh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF a fhreagrachtaí a chomhlíonadh; agus (iii) tuairisciú d'institiúidí den Aontas Eorpach.

5. Féachann an Coiste leis an méid seo a áirithiú go háirithe, trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar imscrúduithe OLAF:

   (i) ní dhéantar aon chur isteach seachtrach ar fheidhm imscrúdaitheach OLAF;

   (ii) glactar na cinntí ábhartha uile ón Ard-Stiúrthóir i gcomhréir le prionsabail na dlíthiúlachta agus na neamhchlaontachta agus comhlíonann siad Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais agus na ráthaíochtaí nós imeachta ([5])..

6. Agus a chuid cúraimí á gcomhlíonadh aige, déanann an Coiste an méid seo a leanas: (i) seolann an Coiste chuig Ard-Stiúrthóir OLAF **tuairimí** agus, i gcás inarb iomchuí, **moltaí** maidir le gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha OLAF, maidir le fad a imscrúduithe agus maidir leis na hacmhainní a theastaíonn ó OLAF chun na himscrúduithe sin a dhéanamh; agus (ii) ceapann sé **barúlacha** i ndáil le dréacht-treoirlínte OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe. Agus tuairimí agus moltaí á n-eisiúint ag an gCoiste, ní chuireann sé isteach am ar bith ar imscrúduithe atá fós ar siúl.

([1]) Airteagal 15(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Meán Fómhair 2013 maidir le himscrúduithe arna ndéanamh ag an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1073/1999 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (Euratom) Uimh. 1074/1999 ón gComhairle (IO L 248, 18.9.2013, lch. 1) arna leasú le Rialachán (AE, Euratom) 2016/2030 agus le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223. Ar fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:02013R0883-20210117.

([2]) Chun an taithí arna gnóthú sa Choiste a chaomhnú, ionadófar na comhaltaí ar bhonn gach re seach, i gcomhréir le Rialachán OLAF.

([3]) Cás T-658/17, Stichting Against Child Trafficking v An Coimisiún, ECLI:EU:T:2018:799.

([4]) Féach Airteagal 9a(8) de Rialachán OLAF.

([5]) https://www.europarl.europa.eu/charter/pdf/text_ga.pdf.

2. Gníomhaíochtaí faireacháin an Choiste Maoirseachta

2.1. *Faireachán a dhéanamh ar bhuiséad agus ar acmhainní OLAF: Tuairim 1/2023 maidir le réamhdhréacht-bhuiséad OLAF do 2024*

7. Gach bliain, glacann Coiste Maoirseachta OLAF tuairim maidir le réamhdhréacht-bhuiséad OLAF chun a dhearbhú d'institiúidí den Aontas Eorpach go gcuirtear neamhspleáchas fheidhm imscrúdaitheach OLAF san áireamh sa dréachtbhuiséad. Soláthraítear dearbhú sa tuairim freisin go bhfuil acmhainní leordhóthanacha ag OLAF chun seirbhís idirinstitiúideach um chomhrac calaoise a sholáthar atá éifeachtach agus éifeachtúil. Is féidir le hArd-Stiúrthóir OLAF an tuairim sin a úsáid ansin i ndáil le húdaráis bhuiséadacha an Aontais agus údaráis an Aontais um urscaoileadh.

8. An 31 Bealtaine 2023, d'eisigh an Coiste Tuairim 1/2023 maidir le réamhdhréacht-bhuiséad OLAF do 2024. Cuireadh in iúl ann gur chloígh réamhbhuiséad OLAF, ar tháinig méadú 4,40 % air, le treoirlínte an Choimisiúin maidir le bearta breise coigiltis. Mar sin féin, chuir an Coiste imní in iúl faoi thionchar na mbeart sin ar acmhainní daonna OLAF, agus thug sé dá aire go bhféadfadh ciorruithe móra ar fhoireann OLAF cosc a chur air leanúint d'fhoireann cháilithe agus speisialaithe a fhostú i réimse na n-imscrúduithe agus na haisghabhála sócmhainní. I dtuairim an Choiste, tá sé tábhachtach go mbeadh acmhainní daonna leordhóthanacha ar fáil do OLAF chun ardleibhéal feidhmíochta a choinneáil ar bun, go háirithe maidir leis na cúraimí nua ar thosaigh OLAF orthu i ndáil le roinnt tionscnamh straitéiseach don Choimisiún Eorpach. Áirítear sna tionscnaimh sin imscrúduithe agus tacaíocht oibríochtúil do na Ballstáit maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an Sásra Coinníollachta maidir leis an Smacht Reachta, comhar le OIPE agus gearáin chuig Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta a láimhseáil.

9. Thug an Coiste dá aire freisin, ós rud é gur aontaigh na Ballstáit tionchar airgeadais nialasach maidir le OIPE a chur ar bun, gur ar OLAF a bhí an tionchar airgeadais ba mhó ó thaobh acmhainní daonna. Bhí coinne leis go n-aistreodh OLAF 16 phost breise chuig OIPE roimh mhí Eanáir 2023 (mar chuid de 45 phost ar an iomlán a bhí le leithdháileadh chun OIPE a chur ar bun).

10. I bhfianaise an mhéid sin, agus tar éis anailís a dhéanamh ar údair OLAF le 16 phost breise a iarraidh, chuir an Coiste in iúl go dtacaíonn sé leis an iarraidh sin i bhfianaise na gcúraimí nua a sannadh do OLAF (an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, an tSaoráid don Úcráin, smachtbhannaí, agus gearáin chuig Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta). Ós rud é gur aistrigh OLAF 16 phost dá chuid féin cheana chuig OIPE in 2023, measadh maidir le hiarraidh OLAF ar phoist bhreise gur beart é chun a acmhainní ar tháinig laghdú orthu a fhritháireamh seachas glanmhéadú orthu.

2.2. *Dréacht-tuairim maidir le himscrúduithe comhlántacha OLAF agus OIPE*

11. Faoi Rialachán OLAF, is féidir le OLAF gníomhaíochtaí OIPE a chomhlánú d'fhonn 'glacadh beart réamhchúraim nó gníomhaíochta airgeadais, araíonachta nó riaracháin a éascú' ([6]).

12. Chun tuiscint níos fearr agus níos cuimsithí a fháil ar an gcreat foriomlán ar laistigh de a dhéanann OLAF imscrúduithe comhlántacha, i mí Iúil 2023, d'iarr an Coiste ar Ard-Stiúrthóir OLAF liosta de na nithe seo a leanas a sholáthar dó: (i) na himscrúduithe comhlántacha uile a d'oscail OLAF ó glacadh Rialachán OIPE; agus (ii) faisnéis faoi láimhseáil na n-imscrúduithe sin. Ar bhonn na faisnéise a chuir OLAF isteach, chinn an Coiste ag a chruinniú iomlánach an 20 Meán Fómhair 2023 tuairim a eisiúint chun scrúdú níos mionsonraithe a dhéanamh ar an gcaoi ar chuir OLAF na forálacha dlíthiúla ábhartha maidir le himscrúduithe comhlántacha agus a chomhar le OIPE i bhfeidhm.

([6]) Airteagal 12f de Rialachán OLAF.

13. I mí na Nollag 2023, ghlac an Coiste a dhréacht-tuairim agus tar éis dó barúlacha OLAF a fháil, glacadh go foirmiúil i mí Feabhra 2024 í ([7]). Rinne an Coiste scrúdú ar 70 imscrúdú chomhlántacha a rinne OLAF ó mhí an Mheithimh 2021 go dtí mí na Samhna 2023 agus dhírigh sé ar na himscrúduithe comhlántacha a dúnadh (42 chás).

14. D'fhéach an Coiste ar na nithe seo a leanas: (i) an cineál agus an méid comhair idir na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha lena mbaineann agus imscrúdaitheoirí OLAF; (ii) an sreabhadh tráthrialta faisnéise idir an dá pháirtí le linn an phróisis sin; (iii) comhlíonadh na rialacha is infheidhme agus fhorálacha an tSocraithe Oibre a comhaontaíodh idir OLAF agus OIPE; agus (iv) fad na n-imscrúduithe comhlántacha.

15. Ceann de na chéad torthaí ón gCoiste ba ea, i gcleachtas, dá gcuirfeadh OIPE i gcoinne rún OLAF imscrúdú comhlántach a oscailt le linn réamhmhalartuithe neamhfhoirmiúla, nach ndéanfadh OLAF iarraidh fhoirmiúil i scríbhinn ina leith sin. Mar thoradh air sin, ní bheadh aon rian foirmiúil ar thogra OLAF ná ar chúiseanna OIPE agóid a dhéanamh ina choinne.

16. Dá bhrí sin, mheas an Coiste go bhfuil sé tábhachtach go ndéanfadh OLAF togra foirmiúil i scríbhinn i gcónaí nuair is mian leis imscrúdú comhlántach a oscailt (ag úsáid na bhfoirmeacha agus na dteimpléad a comhaontaíodh cheana le OIPE). Áirithítear leis sin: (a) prionsabal na trédhearcachta a chomhlíonadh; agus (b) éifeachtacht chúraimí faireacháin an Choiste maidir le feidhm imscrúdaitheach OLAF.

17. Mheas an Coiste freisin gur mhair an t-imscrúdú comhlántach níos lú ná 1 bhliain amháin (8 mí ar an meán) in 75 % de na cásanna dúnta. I bhfíorbheagán cásanna (10-20 %), mhair an tréimhse níos faide ná 1 bhliain amháin mar gheall ar chúiseanna oibiachtúla, amhail cineál an-chasta na saincheisteanna a bhí á n-imscrúdú, lena n-áirítear an líon mór daoine lena mbaineann agus/nó na tíortha lena mbaineann.

18. Mar fhocal scoir, mheas an Coiste go bhfuil an sásra seo ag obair mar is ceart go dtí seo, rud a fhágann go mbeidh torthaí a bhfuil gealladh fúthu ann don todhchaí. Mhol an Coiste OIPE agus OLAF araon (agus na hIonchúisitheoirí Tarmligthe Eorpacha agus imscrúdaitheoirí OLAF a raibh baint acu leis na cásanna sin faoi seach) as a n-iarrachtaí rath a chur ar an sásra nua sin sa chomhrac in aghaidh na calaoise.

19. Ar bhonn na dtorthaí thuasluaite, d'eisigh an Coiste an dá mholadh seo a leanas do OLAF. Is é an *chéad mholadh* na foirmeacha agus na teimpléid a comhaontaíodh le OIPE a úsáid i gcónaí chun togra a dhéanamh maidir le himscrúdú comhlántach a oscailt fiú nuair atá OIPE tar éis OLAF a chur ar an eolas go neamhfhoirmiúil cheana go gcuirfeadh sé ina choinne. Is é an *dara* moladh a áirithiú go léireofar an nós imeachta sin sna Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe de chuid OLAF freisin.

20. Leanfaidh an Coiste d'fhaireachán a dhéanamh ar imscrúduithe comhlántacha OLAF ar bhonn bliantúil.

2.3. ***Faireachán a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF***

21. Le hAirteagal 7(8) de Rialachán OLAF, ceanglaítear ar an gCoiste anailís ar bhonn cás ar chás a dhéanamh ar gach fiosrúchán atá níos sine ná 12 mhí chun a áirithiú go ndéanfar imscrúduithe OLAF go leanúnach agus thar thréimhse atá i gcomhréir lena n-imthosca agus lena gcastacht.

22. Trí fhaireachán tráthrialta a dhéanamh ar fhad imscrúduithe OLAF agus ar na cúiseanna le haon mhoill mhíchuí, féachann an Coiste lena fhíorú nach raibh aon chur isteach seachtrach ná inmheánach ann ar imscrúdú neamhchlaonta a dhéanamh. Imscrúdú fada nach féidir údar a thabhairt leis, d'fhéadfadh sé go mbeadh drochiarmhairtí tromchúiseacha aige maidir leis na nithe seo a leanas: (i) cearta nós imeachta an duine lena mbaineann; agus/nó (ii) an obair leantach a dhéanfar i leith an imscrúdaithe. Trí fhaireachán a dhéanamh ar fhad na n-imscrúduithe, seiceálann an Coiste freisin gur baineadh úsáid éifeachtúil as na hacmhainní daonna agus airgeadais a leithdháileadh ar OLAF.

([7]) Féach Tuairim 1/2024 ag: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/document/download/9017a135-fe82-4471-84fc-eb7030379e3a_en?filename=Opinion%20on%20CI%20-%20non%20confidential%20v.pdf.

23. Tá aird ar leith tugtha ag an gCoiste thar na blianta ar leanúnachas agus fad imscrúduithe OLAF. Le blianta beaga anuas, tá imní curtha in iúl ag an gCoiste faoi fhorálacha soiléire mionsonraithe a bheith in easnamh ar na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe i dtaca le fad imscrúduithe OLAF a bhainistiú. Neartaítear deimhneacht dhlíthiúil le rialacha den sórt sin agus d'fhéadfadh nach n-áiritheofaí go bhfuil nósanna imeachta OLAF trédhearcach, go háirithe do na daoine lena mbaineann, dá mbeidís in easnamh. Ba rud díobhálach é sin.

24. Chun na cúraimí faireacháin a chuirtear air faoi Rialachán OLAF a chur i gcrích mar is ceart, ní mór don Choiste rochtain a bheith aige ar fhaisnéis atá fiúntach, cuimsitheach, leordhóthanach agus tráthúil. Déantar foráil le hAirteagal 15(1) de Rialachán OLAF ([8]) gur cheart rochtain a thabhairt don Choiste ar fhaisnéis uile agus ar dhoiciméid uile OLAF a mheasann sé is gá chun a chúraimí faireacháin agus maoirseachta a chomhlíonadh.

25. Leis na socruithe oibre atá ann faoi láthair agus a comhaontaíodh idir OLAF agus an Coiste ([9]), tugtar páirtrochtain dhíreach don Choiste ar an bhfaisnéis a bhaineann le cásanna, ar faisnéis í atá ar fáil agus atá cláraithe i gcóras bainistithe cásanna OLAF. Go háirithe, de réir Airteagal 13(2) de na socruithe oibre, ní mór rochtain iomlán a bheith ag an gCoiste ar imscrúduithe oscailte a mhaireann ar feadh tréimhse níos faide ná 12 mhí.

26. Maidir leis an méid sin, mar a tharlaíonn gach bliain, fuair an Coiste faisnéis ó OLAF faoi imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos mó ná 12 mhí. Chun tuiscint níos fearr a fháil ar an bhfáth a maireann imscrúduithe áirithe ar feadh i bhfad, chinn an Coiste ag deireadh 2022 díriú ar imscrúduithe OLAF a mhair ar feadh tréimhse níos mó ná 36 mhí. Tá faireachán leanúnach á dhéanamh ar na cásanna sin. Ag an am céanna, leanann an Coiste de mhachnamh a dhéanamh ar an mbealach is fearr chun a áirithiú go mbeidh an faireachán a dhéanann sé ar imscrúduithe OLAF a mhaireann níos faide ná 12 mhí chomh héifeachtach agus chomh cuimsitheach agus is féidir.

2.3.1. *Tuarascálacha a fuair an Coiste in 2023 ar imscrúduithe a mhair ar feadh tréimhse níos mó ná 12 mhí*

27. Mura féidir imscrúdú a dhúnadh laistigh de 12 mhí óna oscailt, ceanglaítear le hAirteagal 7(8) de Rialachán OLAF ([10]) ar Ard-Stiúrthóir OLAF tuairisciú go foirmiúil don Choiste 12 mhí tar éis an t-imscrúdú a oscailt agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin. Sna tuarascálacha sin, leagann OLAF amach na cúiseanna a bhfuil an t-imscrúdú fós ar oscailt agus, i gcás inarb iomchuí ([11]), na bearta feabhais atá le déanamh chun dlús a chur leis an imscrúdú agus an tréimhse ama a mheastar ina gcuirfear i gcrích é.

28. In 2023, fuair an Coiste 620 tuarascáil ó OLAF faoi 404 imscrúdú aonair a bhí ag dul ar aghaidh go fóill agus a mhair ar feadh tréimhse níos mó ná 12 mhí. Mhair 53,47 % de na cásanna a tuairiscíodh ar feadh tréimhse níos mó ná 24 mhí (Fíor 1). Cuirtear an miondealú earnála ar imscrúduithe OLAF ar fáil i bhFíor 2.


([8]) Mar mhodhnú le Rialachán (AE, Euratom) 2020/2223 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013, a mhéid a bhaineann le comhoibriú le hOifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh agus éifeachtacht imscrúduithe na hOifige Eorpaí Frith-Chalaoise (IO L 437, 28.12.2020, lch. 49).

([9]) Socruithe oibre idir OLAF agus Coiste Maoirseachta OLAF: https://supervisory-committee-olaf.europa.eu/system/files/2021-10/OLAF%20SC%20WA%20signed.pdf.pdf.


([10]) Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 7(8) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013: 'Mura féidir imscrúdú a dhúnadh faoi cheann 12 mhí tar éis dó a bheith oscailte, tuairisceoidh an tArd-Stiúrthóir, ar dhul in éag na tréimhse 12 mhí sin agus gach 6 mhí ina dhiaidh sin, don Choiste Maoirseachta, agus na cúiseanna agus, i gcás inarb iomchuí, na bearta feabhais a bheidh beartaithe d'fhonn dlús a chur leis an imscrúdú á léiriú aige nó aici.'

([11]) Cuireadh an fhoclaíocht 'i gcás inarb iomchuí' le téacs Airteagal 7(8) de Rialachán OLAF trí bhíthin Rialachán Leasaitheach (AE, Euratom) 2020/2223..

Fíor 1



Fíor 2



2.4. ***Faireachán coiste ar ghearáin aonair a cuireadh faoi bhráid OLAF***

29. Mar a tharlaíonn gach bliain, fuair an Coiste tuarascálacha leathbhliantúla agus doiciméid ábhartha ar ghearáin aonair a láimhseáil OLAF. In 2023, chuir an tArd-Stiúrthóir an Coiste ar an eolas gur dhéileáil OLAF le trí ghearán ar an iomlán. Thug an tArd-Stiúrthóir forléargas freisin ar na gearáin ar dhéileáil an tOmbudsman Eorpach leo. Thug OLAF rochtain uathoibríoch ar na cásanna comhfhreagracha i gcóras bainistithe cásanna OLAF, ina bhfuil gach doiciméad ábhartha agus an fhaisnéis ábhartha uile ([12]). Dhírigh an Coiste ar na trí ghearán a láimhseáil OLAF go díreach in 2023 (gearán amháin a rinne finné agus dhá ghearán ó dhaoine a bhfuil baint acu le himscrúduithe OLAF).

30. Sa chéad ghearán, a rinne finné, d'áitigh an gearánach nach ndearna OLAF na himscrúduithe laistigh de thréimhse réasúnach. Ina fhreagra don ghearánach, d'áitigh OLAF nach ndearnadh aon sárú ar na rialacha ab infheidhme agus go ndearna OLAF an t-imscrúdú go leanúnach agus laistigh de theorainn ama réasúnta. Tugann an Coiste dá aire gur sholáthair OLAF mínithe leordhóthanacha don ghearánach chun údar a thabhairt dó le fad an imscrúdaithe. Go háirithe, thagair OLAF do chastacht an cháis, do chineál íogair an ábhair, don mhéid faisnéise a bailíodh agus don líon mór gníomhaíochtaí imscrúdaitheacha a rinneadh. Tugann an Coiste dá aire gur chuir an finné céanna gearán faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh freisin maidir le fad an imscrúdaithe agus nár aimsigh an tOmbudsman aon fhoras chun fiosrúchán a oscailt maidir le tréimhse fhada líomhnaithe imscrúdú OLAF.

([12]) De bhun Airteagal 6(2) de na Socruithe Oibre idir OLAF agus an Coiste Maoirseachta.

31. Sa dara gearán ar dhéileáil OLAF leis, d'iarr an duine lena mbaineann ar OLAF duine éigin eile a chur in ionad an phríomh-imscrúdaitheora mar gheall ar easpa neamhchlaontachta agus an t-imscrúdú á dhéanamh. I ndiaidh freagra diúltach a fháil ó OLAF, rinne an duine lena mbaineann gearán le Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta. Tá an t-ábhar seo ar feitheamh anois os comhair an Rialaitheora.

32. Sa ghearán deireanach, rinne an duine lena mbaineann na líomhaintí seo a leanas in aghaidh OLAF: (i) Sháraigh OLAF Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF toisc nár thug sé deis don ghearánach barúil a thabhairt ar fhíorais ina aghaidh sular dúnadh an t-imscrúdú; agus (ii) sháraigh OLAF Airteagal 10(3b) de Rialachán OLAF toisc nár thug sé rochtain don duine lena mbaineann ar an gcás-tuarascáil chríochnaitheach. Ar bhonn Airteagal 9(4) de Rialachán OLAF agus an ghá atá le rúndacht an imscrúdaithe a chaomhnú, chinn an tArd-Stiúrthóir an ceart atá ag an duine lena mbaineann barúil a thabhairt ar an achoimre ar fhíorais a chur siar (an ceart éisteachta). Tugann an Coiste dá aire gur ghníomhaigh OLAF de réir na rialacha agus na nósanna imeachta a bhí i bhfeidhm agus go raibh údar le cinneadh OLAF mar gheall gur gha rúndacht an imscrúdaithe a chaomhnú.

33. Maidir leis na gearáin thuasluaite uile, tugann an Coiste dá aire freisin gur sholáthair OLAF mínithe leordhóthanacha do na gearánaigh uile agus gur ghníomhaigh sé i gcomhréir lena oibleagáid faoi Airteagal 41(2)(c) de Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais maidir le 'hoibleagáid an riaracháin cúiseanna a thabhairt lena chinntí'.

2.5. *Athbhreithniú ar threoirlínte OLAF maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe*

34. I ndiaidh an athbhreithnithe ar Rialachán OLAF (AE, Euratom) Uimh. 883/2013 trí bhíthin Rialachán Leasaitheach (AE, Euratom) 2020/2223, chinn OLAF na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe atá ann cheana a mhodhnú chun forálacha nua an Rialacháin a thrasuí i dtreoirlínte inmheánacha nua agus chun creat soiléir comhleanúnach a bhunú le haghaidh gach gníomhaíochta imscrúdaithe, tacaíochta agus comhordúcháin. Mhínigh OLAF don Choiste go ndearnadh an próiseas athbhreithnithe sin ina dhá chéim ar leith.

35. Le linn na chéad chéime, bhí an t-athbhreithniú teoranta dá raibh fíor-riachtanach chun na Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe a ailíniú leis na leasuithe a tugadh isteach le Rialachán 2020/2223 agus le tosach feidhme oibríochtúil OIPE. Cuireadh an chéim sin i gcrích agus tháinig na Nósanna Imeachta Imscrúdaithe nua i bhfeidhm an 11 Deireadh Fómhair 2021. Ina bharúlacha d'Ard-Stiúrthóir OLAF maidir leis an athbhreithniú ar na Nósanna Imeachta Imscrúdaithe an 17 Lúnasa 2022, chuir an Coiste in iúl go soiléir nach n-eiseodh sé tuairim faoi na Treoirlínte maidir leis na Nósanna Imeachta Imscrúdaithe athbhreithnithe go dtí go mbeadh an dara céim den phróiseas athbhreithnithe críochnaithe ar deireadh ([13])..

36. Chríochnaigh OLAF an dara céim den athbhreithniú ag deireadh mhí an Mheithimh 2023, agus cuireadh na dréacht-Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe faoi bhráid an Choiste Maoirseachta ansin chun a bharúlacha foirmiúla a fháil ([14]). Mar chuid den chomhairliúchán foirmiúil sin, bhí malartú cuiditheach luath tuairimí ann idir OLAF agus an Coiste le linn na tréimhse tuairiscithe. Ba é ab aidhm don mhalartú sin a chur ar a chumas don Choiste cúnamh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF a dhualgais a dhéanamh ([15]).

37. Mar thoradh ar an malartú sin, d'eagraigh an Coiste agus OLAF roinnt cruinnithe agus malartú tuairimí eile i dtaca le hábhar na dTreoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe a bheidh ann amach anseo. Rinne an Coiste anailís chríochnúil ar roinnt forálacha sonracha agus sheol sé nóta chuig Ard-Stiúrthóir OLAF an 28 Iúil 2023 ina leagtar amach a réamhthuairimí maidir le roinnt saincheisteanna tábhachtacha, lena n-áirítear an méid mionsonraí ba cheart a bheith sna Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe agus a struchtúr.

38. An 24 Samhain 2023, thíolaic OLAF an leagan deiridh athbhreithnithe de na dréacht-Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe. Tá sé beartaithe ag an gCoiste a bharúlacha i dtaca leis na dréacht-Treoirlínte maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe a eisiúint le linn 2024.

([13]) An abairt dheireanach d'Airteagal 17(8) de Rialachán OLAF.

([14]) Tá barúlacha an Choiste i dtaca leis na dréacht-Treoirlínte nua maidir le Nósanna Imeachta Imscrúdaithe ina n-ábhar do dhréacht-tuairim ón gCoiste atá le glacadh sna seachtainí atá amach romhainn.

([15]) Féach aithris 37 de Rialachán OLAF.

3. **Comhar**

3.1. ***Comhar le OLAF***

39. Le linn 2023, rinne an Coiste comhdhlúthú ar an gcomhar tairbheach atá aige le OLAF trí idirphlé oscailte fóinteach a choinneáil ar bun le hArd-Stiúrthóir OLAF.

40. Lean an Coiste den chleachtas cuireadh a thabhairt d'Ard-Stiúrthóir OLAF agus dá fhoireann chun freastal ar a chruinnithe míosúla tráthrialta chun aon ábhar atá ábhartha d'obair an Choiste agus d'obair OLAF a phlé agus chun eolas a fháil air. Chomh maith leis sin, reáchtáil comhaltaí an Choiste agus an Rúnaíocht cruinnithe foirmiúla agus neamhfhoirmiúla le lucht bainistíochta agus foireann OLAF mar chuid de na hullmhúcháin d'obair an Choiste.

41. Ag na cruinnithe agus le linn na malartuithe sin, chuir OLAF an Coiste ar an eolas faoi roinnt bacainní a bhíonn air in imscrúduithe a bhaineann le comhaltaí institiúidí áirithe agus faoi imscrúduithe ar chiapadh líomhnaithe in institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais. Tá sé socraithe ag an gCoiste anois féachaint ar an dá shaincheist sin agus eiseoidh sé tuairim maidir leo le linn 2024.

42. Fuair an Coiste na tuarascálacha seo a leanas ó OLAF, i gcomhréir le forálacha Rialachán OLAF agus le cleachtais oibre bhunaithe: (i) tuarascálacha ar imscrúduithe a mhair níos mó ná 12 mhí; (ii) tuarascálacha nach ndearnadh obair leantach ar mholtaí a d'eisigh OLAF ón 1 Deireadh Fómhair 2013 agus a bhfuair OLAF freagraí ina leith ó na húdaráis lena mbaineann i gcleachtadh bliantúil faireacháin 2022, freagraí a fuair an Coiste an 8 Meitheamh 2023; (iii) tuarascálacha ar ghearáin a rinneadh le OLAF faoi ráthaíochtaí nós imeachta in imscrúduithe leanúnacha OLAF; (iv) tuarascálacha ar chásanna ar cuireadh faisnéis chuig údaráis bhreithiúnacha náisiúnta ina leith; agus (v) tuarascálacha ar iarchuir faoi Airteagal 4(6) de Rialachán OLAF.

3.2. ***Caidreamh le páirtithe leasmhara***

43. Tá an Coiste cuntasach do na hinstitiúidí a cheap a chomhaltaí agus, ag an am céanna, is comhpháirtí idirphlé d'institiúidí an Aontais é. Tuairiscíonn an Coiste d'institiúidí an Aontais ar a chuid gníomhaíochtaí, féadfaidh sé tuairimí a eisiúint ar iarraidh a fháil uathu, déanann sé tuarascálacha ar ábhair imscrúdaitheacha agus malartaíonn sé tuairimí leo ar an leibhéal polaitiúil ([16]).

44. Measann an Coiste go bhfuil sé tábhachtach teagmháil thráthrialta a choinneáil ar bun le hinstitiúidí den Aontas Eorpach agus le comhpháirtithe OLAF agus páirtithe leasmhara chun feabhas a chur ar an sreabhadh faisnéise agus chun aiseolas a fháil faoi fheidhmíocht OLAF. Bhí an Coiste agus a Rúnaíocht i dteagmháil go tráthrialta leo seo a leanas: (i) an Coimisinéir um Buiséad agus um Riarachán, atá freagrach as OLAF (rannpháirtíocht i gcruinniú iomlánach an Choiste an 16 Bealtaine 2023); (ii) Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh (rannpháirtíocht i gcruinniú iomlánach an Choiste an 14 Samhain 2023); (iii) Coiste um Rialú Buiséadach (CONT) Pharlaimint na hEorpa (cur i láthair thuarascáil bhliantúil 2022 an Choiste ón gCathaoirleach an 27 Meitheamh 2023 agus cur i láthair chomhaltaí uile an Choiste Maoirseachta an 20 Meán Fómhair 2023); agus (iv) Meithleacha na Comhairle um Chomhrac na Calaoise (cur i láthair thuarascáil bhliantúil 2022 ón gCathaoirleach an 21 Meitheamh 2023). Ghlac rapóirtéir na seirbhíse comhordúcháin frith-chalaoise (AFCOS) páirt ghníomhach sa 10ú cruinniú de chuid AFCOS i Vilnias na Liotuáine (18-19 Deireadh Fómhair 2023).

45. Tugadh cuireadh do Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta freastal ar chruinniú iomlánach an Choiste an 21 Meán Fómhair 2023 áit ar chuir sí a tuarascáil ar ghníomhaíochtaí 2022 i láthair.

([16]) Airteagal 15(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 883/2013: 'Seolfaidh an Coiste Maoirseachta chuig an Ard-Stiúrthóir tuairimí, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, moltaí maidir leis na hacmhainní a mbeidh gá leo chun feidhm imscrúdaitheach na hOifige a chomhlíonadh, tosaíochtaí imscrúdaitheacha na hOifige agus fad na n-imscrúduithe, i measc nithe eile. Féadfaidh sé na tuairimí sin a thabhairt ar a thionscnamh féin nó arna iarraidh sin ag an Ard-Stiúrthóir nó arna **iarraidh sin ag institiúid, comhlacht, oifig nó gníomhaireacht** gan cur isteach, áfach, ar an gcaoi a ndéantar imscrúduithe atá ar siúl. […]
[…] Soláthrófar cóip de na tuairimí a thugtar de bhun an tríú fomhír do na hinstitiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí.'

46. Ghlac an Coiste páirt freisin sa mhalartú idirinstitiúideach bliantúil tuairimí ar OLAF a bhí ar siúl an 25 Deireadh Fómhair 2023. Ghlac an Coiste páirt ghníomhach sa chruinniú sin agus chuir sé i dtábhacht, go háirithe, a thábhachtaí atá sé comhar láidir a áirithiú idir OLAF, ar thaobh amháin, agus OIPE, Eurojust, Europol agus Cúirt Iniúchóirí na hEorpa ar an taobh eile. Chuir an Coiste i dtábhacht gur gné fhíor-riachtanach é an comhar sin sa chomhrac in aghaidh na calaoise a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais san Úcráin agus maidir le héifeachtacht na smachtbhannaí a fhorchuir an tAontas ar thríú tíortha cheana.

47. Sholáthair an Coiste cúnamh breise don Choimisiún maidir le nósanna imeachta roghnúcháin um oifigigh shinsearacha in OLAF a cheapadh. Ghlac a chomhaltaí páirt i gcruinnithe de chuid Choiste Comhairleach an Choimisiúin ar Cheapacháin freisin.

4. **Riaracháin agus acmhainní**

4.1. ***Modhanna oibre an Choiste Maoirseachta***

48. In 2023, bhí 12 chruinniú iomlánacha ag an gCoiste, a cuireadh ar siúl ar bhealach hibrideach nó ar líne go hiomlán ([17]).. Cheap an Coiste rapóirtéir le haghaidh gach mór-shaincheiste a scrúdaíodh. D'oibrigh na rapóirtéirí i gcomhar leis an Rúnaíocht chun dréacht-tuarascálacha a ullmhú a bhí le plé ag na cruinnithe iomlánacha. Tháinig an Cathaoirleach, na rapóirtéirí agus na comhaltaí den Rúnaíocht le chéile ar bhonn tráthrialta freisin chun obair a dhéanamh ar shaincheisteanna ar leith.

4.2. ***An Rúnaíocht***

49. In 2023, lean an Rúnaíocht de bheith ag tacú le comhaltaí an Choiste a gcuid dualgas a dhéanamh, rud a threisíonn neamhspleáchas OLAF. I mí na Samhna 2023, bhí malartú tuairimí ag an gCoiste leis an Ardrúnaí maidir leis an easpa acmhainní sa Rúnaíocht. Tá gá leis na hacmhainní sin chun tacú leis an gCoiste Maoirseachta agus le Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta araon agus chun deighilt riachtanach na gcúraimí idir an dá chomhlacht a chaomhnú. Chuir an Coiste i dtábhacht gur baineadh an bonn go mór dá chumas a chúraimí a chur i gcrích in 2023 mar gheall ar shaincheisteanna a bhain le ganntanas foirne sa Rúnaíocht, agus go raibh baint ag an Rúnaíocht freisin lena áirithiú gur urramaíodh sprioc-amanna a forchuireadh ar Rialaitheoir na gcoimircí nóis imeachta maidir le gearáin in aghaidh OLAF a láimhseáil. Dá bhrí sin, thathantaigh an Coiste ar an Ardrúnaí na bearta eagraíochtúla is gá a ghlacadh agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go mbeidh acmhainní daonna leordhóthanacha ag an Rúnaíocht chun tacú leis an gCoiste ina ról. Le linn 2023, lean an Rúnaíocht, cosúil leis an gcuid eile den Choimisiún, ag oibriú ar mhodh hibrideach, meascán idir obair ar an láthair agus cianobair agus chuir sí an clár oibre i gcrích mar a comhaontaíodh leis an gCoiste Maoirseachta.

50. Tá an Rúnaíocht nasctha ó thaobh riaracháin de (ó bhí mhí Márta 2017 ann) leis an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla an Choimisiúin Eorpaigh ('PMO'), cé go bhfuil sí lonnaithe i gcrios slándála ar leith laistigh d'áitreabh OLAF. Chuir an Coiste Maoirseachta in iúl go minic roimhe seo go raibh amhras air go raibh an nasc 'hibrideach' atá ag a Rúnaíocht leis an Oifig um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla lonnaithe ar an láthair is iomchuí.

51. Athdhearbhaíonn an Coiste a thuairim go gcuirfeadh áit oiriúnach laistigh de chrios slándála OLAF ar chumas na Rúnaíochta oibriú ar bhealach níos éifeachtúla mar gheall ar an idirghníomhaíocht laethúil a bhíonn ag an Rúnaíocht le foireann OLAF chun críocha chúraimí leanúnacha faireacháin an Choiste.

4.3. ***Ábhair bhuiséid***

52. EUR 200 000 a bhí sa bhuiséad a bhí ag an gCoiste do 2023. EUR 179 241,67 a bhí sa mhéid iarbhír a eisíocadh faoi dheireadh 2023, arb é thart ar 90 % den mhéid iomlán é.

53. Is é Stiúrthóir na hOifige um Riar agus Íoc Teidlíochtaí Indibhidiúla an t-oifigeach údaraithe trí fho-tharmligean atá freagrach as caiteachas.

([17]) Ó mhí Eanáir go dtí mí na Nollag 2023.